

CULTÚRLANN
M'ADAM Ó FIAICH

CLÁR LÚNASA

IÚIL – LÚNASA | JULY – AUGUST 2020



zoom



Focal Ón Stiúrthóir Word From The Director

‘Thugamar Féin an Samhradh Linn’, mar a deir an t-amhrán clúiteach! Tá muid anois i gcoirílár an tsamhraidh agus an t-earrach eisceachtúil sin fágtha againn inár ndiaidh. Faoi dheireadh, is cosúil go bhfuil ábhar dóchais de chineál éigin ar na bacáin ach cibé rud a thitfidh amach sa tréimhse amach romhainn, déanaigí cinnte de go mbeidh an Chultúrlann taobh libh ag iarraidh an t-aistear seo a dhéanamh níos pléisiúrtha agus níos sultmhaire.

Tá lúcháir orainn a fhógairt gur bronnadh príomhdhuais Ghlór na nGael, duais naisiúnta iomráiteach, orainn don chéad uair i mí na Bealtaine. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Glór na nGael agus le gach aon duine a bhfuil baint, beag nó mór, acu leis an Chultúrlann. Is mar gheall ar an tacaíocht leanúnach ón phobal trí chéile atá muid ábalta aitheantas den chineál seo a bhaint amach. Tá muid go hiomlán tiomanta do na healaíona a chur ar fáil do chách, do dhomhan a thógáil ina mbíonn a chuid is a chomhroinn ag gach duine agus dár ndícheall a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear earnáil an chultúir, agus an leas sóisialta a ghabhann léi, faoi bhagairt mar gheall ar Covid-19. Ba mhaith linn na healaíontóirí, na ceoltóirí agus an tallann chruthaitheach atá chomh flúirseach sa tír seo a cheiliúradh agus ár mbuíochas a



ghabháil leo. Bíonn muid ag brath orthu go minic ag amanna éiginnte inár saol féin agus ó tharla go bhfuil a slite beatha féin i mbaol, tá sé tábhachtach go seasann muid leo. Mar a dúirt an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn le déanaí, ‘Tá siad ar lorg ár ndlúthpháirtíochta agus ár dtacaíochta agus ní mór sin a thabhairt gan cheist.’

Tá siamsaíocht as cuimse, arna soláthar ag tallann dhochreidte, ar fáil sa chlár seo ... tallann atá fréamhaithe go domhain sa nádúr againn agus san fhéilire ársa Ceilteach. Tá ceolchoirm spleodrach eile beartaithe againn do mhí Lúnasa, i gcomhar le Féile an Phobail. Tá an iliomad acmhainní curtha le chéile againn, dírithe ar na daoine beaga a choinneáil spreagtha, spráíúil le linn an tsamhraidh, agus a dhíríonn ar an ghrian agus ar an

chruinne mhór thart orainn. I dtreo dheireadh na míosa beidh ceiliúradh Liú Lúnasa againn agus rogha fairsing imeachtaí beartaithe a bheirfeas uchtach agus pléisiúr do chách. Gabhaimid buíochas fosta lenár maoinitheoirí, a sheas linn go docht daingean le linn na tréimhse seo agus go háirithe leis an Aire Pobal Deirdre Hargey agus a comharba, Carál Ní Chuilín as ucht a dtacaíochta leanúnaí agus as na focail chineálta thíos. Beannachtaí an tsamhraidh oraibh go léir!

As the famous Irish song goes ‘We Brought the Summer With Us’! We are now in the very heart of the Celtic summer, as we move on from an eventful spring. Finally, light can be seen at the end of the tunnel but whatever the future may bring, rest assured that the Cultúrlann will endeavour to make the journey that bit easier and more enjoyable.

We are delighted to announce that we were awarded the prestigious, All-Ireland Glór na nGael award in May, for the very first time, for the services we provide to promote our language and arts. We would like to thank Glór na nGael and all of our board, staff and volunteers who made this possible. It is because of the continuous and amazing support we receive from the community that we were able to earn this special recognition. We are committed to making arts accessible to all, to building a truly shared world, and to ensuring that the cultural world, for all

the social good it brings, isn’t threatened as a result of Covid 19.

We will celebrate and thank our artists and musicians, and the creative talent that is so abundant in this part of the world. We depend on them, especially at uncertain times in our lives and now that their own livelihoods are threatened, it is vital that we stand with them. As President Higgins said recently during the Bloomsday celebrations, ‘They have sought our solidarity and our support, and we should give it unstintingly.’

We have a wealth of entertainment, provided by amazing talent, in this programme, talent that is deeply rooted in our natural cycles and in the ancient celtic calendar. We have a special celebration planned for the Lúnasa festival with another spectacular online concert, in partnership with Féile an Phobail. We have plenty to keep our young people engaged and entertained during the summer as we look to the sky to explore the solar system and life-giving sun. Towards the end of August we will bring our Liú Lúnasa celebrations to you with a variety of events planned that will give us all a lift.

We are grateful as always to our funders who have stood resolutely with us during this period and especially to our Communities Minister Deirdre Hargey and to her temporary replacement Carál Ní Chuilín, for their consistent support and for the kind words below.

Wishing you all a great summer!

Réamhrá ón aire pobal, Carál Ní Chuilín

Foreward by communities minister, Carál Ní Chuilín

Is mór an onóir agus an pléisiúr dom tacú le clár samhraidh na Cultúr-lainne, ‘Lúnasa’, ní hamháin mar Aire Pobal ach mar shaoránach bródúil de chuid Bhéal Feirste. Tá Lúnasa ar cheann de na ceithre fhéile san fhéilire Ceilteach, é luaite i gcuid den ábhar ón ré is sine i litríocht na Gaeilge, agus tá sé tábhachtach nach ndéantar dearmad ar na traidisiúin siúd a tháinig anuas ó ghlúin go glúin.

Tá sé feiliúnach mar sin go bhfuil An Chultúrlann, eagraíocht a bhfuil gradaim bainte amach aici, atá lonnaithe i gcroílár iarthar Bhéal Feirste agus atá mar choimeádaí teanga, cultúir agus ealaíona na Gaeilge, ag ceiliúradh Lúnasa leis an chlár spreagúil seo. Agus a leithéid de bhuanna atá ar fáil – ceol, litríocht, ealaín, ranganna Gaeilge agus eile.

Is mór an t-athrú atá tagtha ar an saol dúinn go léir le cúpla mí anuas mar gheall ar Phaindéim COVID-19, ach cé nach raibh na hionaid ealaíon agus chultúrtha in ann tionchar an víris seo a thuar, léirigh an Chultúrlann solúbthacht, dílseacht agus teacht



aniam thar an ghnáth agus thaispeáin siad ní hamháin go raibh said in ann an víreas a láimhseáil, ach go raibh sé ar a gcumas feidhmiú, cé go bhfuil cúrsaí iomlán difriúil ón rud a bhfuil taithí againn air.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do gach uile dhuine atá páirteach sa chlár seo as an tseasmhacht, an spiorad agus as an mhuintearas atá léirithe acu. Soláthraíonn an clár éagsúil seo deis iontach chun dlúth-pháirtíocht, spiorad pobail agus flúirse buanna a chothaíonn an t-anam a léiriú. Tá na nithe sin tábhachtach in am ar bith, ach tá tábhacht ar leith ag baint leo sna cúinsí neamhchoitianta ina bhfuil muid faoi láthair.

Comhghairdeas leo siúd a bhfuil baint acu leis an fhéile seo agus mhol-fainn do gach duine ár n-oidhreacht

chultúrtha a cheiliúradh agus sult a bhaint as an chlár imeachtaí spreagúil seo. Is ionann an cás dúinn uilig agus cúrsaí mar atá, ach tiocfaidh muid amach as le chéile trí chomhoibriú. Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

It gives me great pleasure not only as Communities Minister but as a proud citizen of Belfast to support Cultúrlann's summer programme - Lúnasa. Lúnasa is one of four Celtic seasonal festivals, mentioned in some of the earliest Irish literature and it is important that these traditions, handed down from generation to generation, are not forgotten.

It is fitting that an award-winning organisation like Cultúrlann which is at the heart of the community in west Belfast and serves as a custodian of our language, arts and culture is celebrating Lúnasa with its programming. And what a harvest of talent is on offer – music, literature, art, Irish classes, and storytelling.

We are living in very different times but what the COVID-19 pandemic has shown me is that while art and cultural centres may not have foreseen the impact of this virus, they have shown tremendous flexibility, commitment and resilience to not only deal with it, but to continue operating, albeit in a completely different landscape than

what we are all used to.

I want to pay tribute to everyone involved in this programme for their tenacity, spirit and sense of community. This diverse programme is an excellent opportunity to showcase solidarity, community spirit and an abundance of talent that is food for the soul at any time, but particularly in the current time we live in.

Congratulations to all those involved and I would encourage everyone to celebrate our cultural heritage and enjoy this exciting programme of events. We are in this situation together and by supporting each other, we will come out of it together.



An Ceathrú Póilí

Beidh an siopa oscailte don phobal arís **Dé Luain 6 Iúil**. Uaireanta teoranta a bheas ann ar dtús:
10rn-4in, Luan go Satharn.

Tá an siopa ar líne **www.anceathrupoilí.com** oscailte i rith an ama agus beo beathach!
Tá An Ceathrú Póilí, siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge, ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa sa tsiopa mar aon le cártaí ócáidí, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, ceardaithe agus

éisteoirí ceoil – tá fearadh na fáilte romhat cuairt a thabhairt orainn!

The shop will open to the public again on **Monday 6th July**. Initially it will open **Mon-Sat, 10am-4pm**.

Our online shop – **www.anceathrupoilí.com** – is always open.

Celebrating over 30 years, An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest book shop with a diverse catalogue of books from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, An Ceathrú Póilí is a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

WWW.ANCEATHRUPOILI.COM





BIA

Athoscailt ón 3ú Iúil | Reopening from 3rd of July

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn!

Le bord a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar 02890 964184.

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia is a café and restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards and ready to order! Come and join us!

To book a table, call us on 02890 964184.

Uaireanta Oscáilte | Opening Hours

Dé Luain | Monday – 9:00am – 8:30pm

Dé Máirt | Tuesday – 9:00am – 8:30pm


Dé Chéadaoin | Wednesday – 9:00am – 8:30pm

Déardaoin | Thursday – 9:00am – 8:30pm

Dé hAoine | Friday – 9:00am – 9:00pm

Dé Sathairn | Saturday – 9:00am – 9:00pm

Dé Domhnaigh | Sunday – 10:00am – 08:00pm



Coirnéal na litríochta le Máire Zepf agus An tSnathaid Mhór

Beidh saibhreas litríochta, dírithe ar dhaoine óga, á roinnt go rialta againn leis an údar iomráiteach Máire Zepf agus leis na foilsitheoirí iontacha 'An tSnáthaid Mhór'. Beidh gníomhaíochtaí ealaíne leis an ealaíontóir Andrew Whitson agus scothscéalta ar fáil a chuirfeas gliondar ar óg agus ar aosta.

Literature Corner with Máire Zepf and An tSnathaid Mhór

We will regularly share the very best in Irish literature for young people with the renowned author Máire Zepf and the award-winning publishers, An tSnáthaid Mhór. Art activities with artist Andrew Whitson will complement the amazing stories that will lift the spirits of young and old alike.



An tSnáthaid Mhór
Irish publisher of content for children of all ages





CULTÚRLANN
MÁDAM Ó FÁICH

AN GRIANCHÓRAS

AR LÍNE  

22/06/2020 - 26/06/2020

An Grianchóras ar líne

Ó tharla go bhfuil muid ag ceiliúradh Grianstad an tSamhraidh, is é 'An Grianchóras' an téama a bheidh againn dár ngníomhaíochtaí fíorúla uilig do dhaoine óga. Bígí linn le haghaidh ceoil, ealaíne agus eolaíochta agus muid ag foghlaim faoin Ghrianchóras!

The Solar System online

Because we're celebrating the summer solstice this month, the theme for all of our virtual activities for young people will be 'The Solar System' Join us for music, art and science as we learn about the Solar System!

22/06/2020 - 24/07/2020



An Ghrian / The Sun:

22/06/2020 - 26/06/2020

Gaeilge le hAnna

Irish with Anna

23/06/2020 | 5:00PM

Ealaín le Drithle


Art with Drithle

24/06/2020 | 3:00PM

Damhsa le Micheál

Dancing with Micheál

26/06/2020 | 3:00PM



Na Pláinéid / The Planets:

6/07/2020 - 10/07/2020

Gaeilge le hAnna

Irish with Anna

7/07/2020 | 5:00PM

Ealaín le Drithle

Art with Drithle

8/07/2020 | 3:00PM



An Ghealach & Na Réaltaí /

The Moon & Stars:


20/07/2020 - 24/07/2020

Gaeilge le hAnna / Irish with Anna

21/07/2020 5:00pm

Ealaín le Drithle / Art with Drithle

22/07/2020 3:00pm





VIRTUAL
SUMMER SCHEME

17/08/2020 - 21/08/2020

Scéim Samhraidh Fhíorúil Aisling Óg 2020


I mbliana beidh scéim samhraidh Aisling Óg ag titim amach ar líne! Bígí linn le haghaidh spraoi agus craic agus muid ag dul do réimse leathan ceardlanna fíorúla lena n-áirítear spórt, ceol agus drámaíocht! Beidh deis agaibh clárú gan mhoill, coinnígi súil amach!

Aisling Óg's Virtual Summer Scheme 2020

This year, Aisling Óg's summer scheme will be online! Join in the fun as we take part in a wide range of virtual workshops from sport, to music and drama! Registration will be open soon, keep an eye out!

**17/08/2020 - 21/08/2020
9:30AM - 1:30PM**





Comórtas Dathadóireachta – Buaiteoirí le fógairt

Ba dheas na hiontrálacha ar fad a fuair muid don chomórtas dathadóireachta a eagraíodh i gcomhar leis an tSnáthaid Mhór. Bhí ardchaighdeán leis na pictiúir ar fad agus ba dhoiligh an jab a bhí ag na moltóirí, an t-údar iomráiteach, Máire Zepf & an maisitheoir éirimiúil Andrew Whitson. Tá Muireann agus an Dianghlasáil, atá scríofa ag Malachy Doyle, maisithe ag Andrew Whitson agus aistrithe ag Máire Zepf, ar fáil le híoslódáil anseo saor in aisce:

WWW.ANTSNATHAIDMHOR.COM

Colouring in Competition - Winners announced

The entries in colouring competition organised with An tSnáthaid Mhór were beautiful. The pictures were of a high quality and the judges, renowned author Máire Zepf and talented illustrator Andrew Whitson no doubt had a very tough job indeed.

Molly and The Lockdown, written by Malachy Doyle, illustrated by Andrew Whitson and translated by Máire Zepf, and is free to download from:

WWW.ANTSNATHAIDMHOR.COM

**BEIDH BUAITEOIRÍ LE FÓGAIRT GAN MHOILL,
COINNIGH SÚIL AMACH
THE WINNERS WILL BE ANNOUNCED SHORTLY -
PLEASE KEEP AN EYE OUT!**



bard, file, bard

Beidh sraith ceardlann á reáchtáil ar líne ag na filí le baill éagsúla den phobal le hamharc ar pheirspictíochtaí mionteangacha lena n-áirítear, an Ghaeilge, Gàidhlig (Gaeilge na hAibain) agus Cymraeg (an Bhreatnais) agus beidh léiriú fíorúil bunaithe ar an saothar nua ann mí Mheán Fómhair.

We will have a series of workshops with various members of the community facilitated by the three poets looking at minority language perspectives including Gaeilge, Gàidhlig and Cymraeg culminating in an online presentation in September.

07/07/20 @ 18:00PM

**CHUN CLÁRÚ, GABH I DTEAGMHÁIL LE BRÓNAGH
AR BRONAGH@CULTURLANN.IE**



Ciara Ní É

Scribhneoir Cónaithe OBÁC 2020 í Ciara Ní É. Ise a bhunaigh ‘mic oscailte’ REIC, a mbíonn filíocht ó bhéal, rap, ceol, scéalta, agus eile le cloisteáil ann. Tá a cuid filíochta léite aici i Nua-Eabhrac, i Londain, sa Bhruiséil, sa tSualainn, agus sa bhaile in Éirinn. In 2019 ceapadh í ina hambasadóir le hÁras Scribhneoirí na hÉireann. Foilsíodh saothar dá cuid agus aistí liteartha léi in irisí éagsúla, Icarus agus Comhar ina measc. Tá a céad chnuasach filíochta idir lámha aici faoi láthair. Roghnaíodh í don scéim ‘Introductions’ de chuid Poetry Ireland sa bhliain 2017, agus an bhliain dár gcionn, d’eisigh sí sraith físdánta i gcomhar le hÁras Scribhneoirí na hÉireann, atá ar fáil ar YouTube. Fuair fiseán den dán ‘Phenomenal Woman’ faoin LGFA (Ladies Gaelic Football Association) breis is 300,000 radharc, agus tharraing sé aird fhairsing ar a saothar. Orthu siúd a choimisiúnaigh saothar dá cuid tá RTÉ TV, BBC Radio, TG4, agus The Irish Writers Centre.


Ciara Ní É is the DCU Writer in Residence 2020. She established the ‘open mic’ night REIC where the spoken word, rap, music, stories and more can all be heard. She has delivered readings of her poetry in New York, London, and Brussels, Sweden and at home here in Ireland. In 2019 Ciara became the ambassador for the Irish Writers’ Centre. Her work



and literature have been published in various publications including Icarus and Comhar. She is currently working on her first collection of poems. She was selected for Poetry Ireland’s “Introductions” scheme in 2017 and in the following year, she released a series of video poems in conjunction with the Irish Writers’ Centre, all of which are available on YouTube. The video for the poem “Phenomenal Woman” about the LGFA received over 300,000 views and drew widespread attention to her work. Among those who have commissioned her work are RTÉ TV, BBC Radio, TG4 and The Irish Writers’ Society.

Ifor ap Glyn

Is craoltóir agus file aitheanta é Ifor ap Glyn a bhfuil go leor duaiseanna buaite aige. Rugadh é i Londain do thuismitheoirí Breatnacha ach tá cónaí air anois i gCaernarfon. Ceapadh mar Fhile Náisiúnta na Breataine Bige é in 2016, gradam a bhronnann 'Literature Wales', agus is é Ifor an ceathrú file leis an ghradam sin a bhaint amach. Is é a ról é bheith ag freagairt d'imeachtaí a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo agus bheith ar an ardán ag imeachtaí agus féilte fud fad an domhain ag ardúfeasachta ar scríbhneoireacht agus ar scríbhneoirí na Breataine Bige. Tá Coróin na filíochta buaite aige faoi dhó ag an Eisteddfod Náisiúnta. Mae Ifor ap Glyn yn fardd a darlledwr arobryn. Cafodd ei eni yn Llundain i rieni Cymraeg ond mae bellach yn byw yng Nghaernarfon. Cafodd ei enwi yn bedwerydd Bardd Cenedlaethol Cymru yn 2016. Rheolir cynllun Bardd Cenedlaethol Cymru gan Llenyddiaeth Cymru. Disgwylir iddo ymateb i ddigwyddiadau o bwys cenedlaethol ac ymddangos mewn digwyddiadau a gwyliau yng Nghymru a thu hwnt i godi proffil awduron ac ysgrifennu o Gymru. Mae e wedi enill Coron yr Eisteddfod Genedlaethol ddwywaith; Ifor ap Glyn is an award-winning broadcaster and poet. He was born in London to Welsh parents but now lives in Caernarfon.



He became the 4th National Poet of Wales in 2016. The National Poet of Wales initiative is delivered by Literature Wales. His role is to respond to events of national significance and to appear at events and festivals worldwide to raise the profile of writing and writers from Wales. He has twice won the Crown for poetry at the National Eisteddfod.

Pàdraig MacAoidh

Is as Leòbhas sna hInse Ghall Amuigh do Phàdraig MacAoidh. D'fhoilsigh Acair a chéad dhuanaire filíochta Gu Leòr /Galore sa bhliain 2015 agus gearrliostaíodh é don duais Donald Meek agus don Saltire Scottish Poetry Book of the Year. Foilsíodh a dhara bailiúchán, Nàdur De ar na mallaibh. Foilsíodh a shaothar go forleathan in irisleabhair, irisí agus ar líne agus ar an raidió agus aistríodh go Gearmáinis, Fraincis, Gaeilge, Seicis, Slóvaicis agus Béarla é. Oibríonn sé mar léachtóir ag Ollscoil Chill Rìmhinn (tar éis sealana a chaitheamh ag obair in Ionad Filíochta Seamus Heaney, Ollscoil na Tríonóide i mBaile Átha Cliath, agus mar iriseoir craolacháin agus léiritheoir don BBC). Tá cónaí air i nDún Éideann. "S ann à Eilean Leòdhais anns na h-Eileanan Siar a tha Pàdraig MacAoidh. Chaidh Gu Leòr, a chiad chruinneachadh leis, fhoillseachadh le Acair ann an 2015; bha sin air gearr-liosta na Duaise Saltire airson Leabhar Bàrdachd na Bliadhna. Tha dàrna leabhar leis, Nàdur De, air ùr-nochdach am bliadhna-sa. Tha a chuid bàrdachd air nochdadh fad 's farsaing ann an irisean 's paipearan-naidheachd agus air an rèidio, agus chaidh a thionndadh gu Gearmailteach, Frangais, Gaeilge, Seicis, Slòbhacais agus Beurla. Tha e ag obair mar oraidaiche aig Oilthigh Chill Rìmhinn (an dèidh bliadhnaichean ag obair anns an Seamus Heaney Centre



for Poetry, Colaisde na Trionaid ann am Baile Atha Cliath, agus airson a' BhBC mar fhear-naidheachd agus riochdaire); tha e a' fuireach ann an Dun Èideann. Peter Mackay is from the Isle of Lewis in the Outer Hebrides. His first collection of poems, Galore, was published by Acair in 2015 and was on the shortlist for the Saltire and Donald Meek Prizes; his second collection, Some Kind Of, has just been published. His work has been widely published in journals, magazines and online and on the radio, and translated into German, French, Irish, Czech, Slovakian and English. He works as a lecturer at the University of St Andrews (after spells working at the Seamus Heaney Centre for Poetry, Trinity College Dublin and as a broadcast journalist and producer for the BBC); he lives in Edinburgh.



Laoi an Lae

Agus muid ar fad faoi dhianghlaisáil, tá scoth na gceoltóirí agus na n-amhránaithe traidisiúnta ag tabhairt laoi dúinn gach cúpla lá. Is bealach é lenár n-oidhreacht cheoil a chur chun tosaigh agus le bheith ag tacú lenár gceoltóirí agus ár n-amhránaithe traidisiúnta agus gigeanna caillte acu de dheasca na paidéime. Más ceoltóir thú agus tú ag iarraidh páirt a ghlacadh sa tsraith, gabh i dteagmháil le

bronagh@culturlann.ie

Song of the day

As we are all in lockdown, the very best musicians we have are sharing videos from their kitchens and gardens, giving us new songs to publish every couple of days. This provides us with an opportunity to promote our music and heritage and to support our musicians who have lost out in gigs and concerts during the pandemic. If you're a musician and would like to contribute to the series, contact

bronagh@culturlann.ie

**DÉ LUAIN 4PM, DÉ Céadaoin 7PM, Dé hAoine 7PM
MONDAY 4PM, WEDNESDAY 7PM, FRIDAY 7PM**





Coirnéal an Cheoil **The Music Corner**

Bígi linn achan Satharn nuair a chraol-far beo scoth an cheoil thraidisiúnta le sárcheoltóirí agus sáramhránaithe ar ár leathanach Facebook

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic musicians and singers, which will be streamed live on our Facebook page.

4|07|20 – Neil Ó Briain

11|07|20 – Diane Cannon

18|07|20 – Deirdre Galway & Conor Lamb

25|07|20 – Brendan “Nipper” Quinn & Stephen Loughran

1 - 1:45PM





Coirnéal an Cheoil le linn Fhéile an Phobail The Music Corner during Féile an Phobail

ZOE CONWAY & JOHN MCINTYRE

Agus iad ag seinm ar an fhidil agus ar an ghiotár, tá sé de bhua ag Zoe agus John bheith ábalta píosaí ceoil de sheánraí éagsúla amhail ceol clasaiceach, snagcheol agus ceol domhanda a shnaidhmeadh ina stór ceoil féin ar bhealach a léiríonn ní hamháin a sárchumas féin mar cheoltóirí ach ilfheidhmeacht a gcuid uirlisí ceoil.

With an exciting blend of eclectic fiddle and guitar music, the husband and wife folk duo possesses a rare facility

to draw pieces into their repertoire from other genres such as classical, jazz and world music and express this material in way which not only displays the sheer range and knowledge of both instrumentalists but also exhibits the wonderful versatility of their instruments.



01/08/20 | 1-2PM





Coirnéal an Cheoil le linn Fhéile an Phobail The Music Corner during Féile an Phobail

EMMA NÍ FHÍORUISCE

Glacfaidh an ceoltóir iomráiteach, Emma Ní Fhíoruisce seilbh ar Choirnéal an Cheoil le linn Fhéile an Phobail. Is de bhunadh Ghaoth Dobhair í Emma agus tá sí go mór faoi anáil an cheoil thraidisiúnta agus na

Gaeilge araon agus tá sí aitheanta as a haistriúcháin ar chlasaicí aitheanta.

Renowned musician Emma Ní Fhíoruisce will take over Coirnéal an Cheoil during Féile an Phobail. From Gaoth Dobhair, Emma is strongly influenced by traditional music and the Irish language and recognised for her translations of well-known classics.



08/08/20 | 1 - 2PM





AR LÍNE   DÉ HAOINE 31Ú IÚIL | 8:30PM

Féile Lúnasa

Nasc le haghaidh Síntiúis - <http://paypal.me/culturlann>

Agus séasúr an fhómhair buailte linn, gabhann muid ómós do Lugh! Is ceart dúinn ár n-oidhreacht, ár gcultúr agus ár n-ealaíona a cheiliúradh fosta.

Chuige sin, tá lúcháir orainn an tríú cheolchoirm ar líne a chur i láthair an phobail le plúr na gceoltóirí agus na n-amhránaithe traidisiúnta. Cuirfear fáilte mhór roimh shíntiúis agus roinnfear gach pingin go cothrom i measc na gceoltóirí.

As we celebrate the arrival of the harvest season and praise Lugh, it is appropriate that we celebrate our rich heritage, culture and arts. To that end, we are delighted to present the third concert in our series with traditional musicians and singers at the very peak of their powers. Donations are welcome and all contributions will be split equally amongst artists.



**DÉ HAOINE 31Ú IÚIL
8:30PM**



NASC LE HAGHAIDH SÍNTIÚIS | DONATION LINK
<http://paypal.me/culturlann>



Liú Lúnasa

Don séú bliain as a chéile beidh an fhéile ar an imeall Liú Lúnasa ann, ach an uair seo, ar líne! Bígí linn do réimse imeachtaí lena n-áirítear an Slam Filíochta, pléphainéal bríomhar ar chúrsaí comhshaoil agus ceolchoirm bheo ó amharclann na Cultúrlainne.

For the sixth year in a row we will host the fringe-festival Liú Lúnasa, but this time, all online! Join us for a range of events including a Poetry Slam, a discussion panel on environmental issues and a live concert from Cultúrlann's theatre space.

**DÉ HAOINE 28 LÚNasa AGUS DÉ
SATHAIRN 29 LÚNasa**





SLAM FILÍOCHTA

LIÚ LÚNASA

Slam Filíochta Liú Lúnasa

Tá cáil ar Shlam Filíochta Liú Lúnasa mar an t-aon chomórtas slam filíochta trí Ghaeilge sa tír agus i mbliana beidh fáilte roimh dhaoine fud fad na cruinne a n-iarratais a sheoladh isteach chugainn go digiteach don oíche mhór filíochta a bheas á reáchtáil againn ar an 28ú Lúnasa. Téigi i mbun cumadóireachta!

Liú Lúnasa's Poetry Slam is renowned as the only Irish language slam poetry competition and this year we welcome entries from all over the world in digital form to be included in our night of poetry on the 28th of August. Get writing!

TUILLEADH SONRAÍ GAN MHOILL / MORE DETAILS SOON

DÉ HAOINE 28 LÚNASA





Bóithrín na Smaointe Cultúrlann Memory Lane

Is iomaí rud a thit amach ar Bhóthar na bhFál agus sa Chultúrlann i gcaitheamh na mblianta. Tá muid ag tabhairt spléachadh ar bhlianta na Cultúrlainne i sraith úr 'Bóithrín na Smaointe' ar na meáin shóisialta. Má tá grianghraif agaibh den Chultúrlann thar na blianta seol chugainn iad ar na meáin shóisialta nó ar ríomhphost chuig margaiocht@culturlann.ie le bhur dtoil. Tá muid ag súil go mór le hiad a fheiceáil!

Plenty of historic events have taken place on the Falls Road and in the Cultúrlann over the years. We are keen to share memories of those events through our new series 'Bóithrín na Smaointe' on our social media platforms. If you have an old photograph or video you would like to share, please forward to margaiocht@culturlann.ie. We are really looking forward to seeing them!

DÉ LUAIN 7PM, DÉARDAOIN 7PM
MONDAY 7PM, THURSDAY 7PM





Muintearas Filíochta Belonging through Poetry

Ag teacht sna sála ar an chomórtas rathúil filíochta, d'fhógair muid go gcuirfi fáilte roimh dhánta ó gach cearn den tír. Ó shin i leith, tá saothar filíochta den scoth faighte againn a thugann misneach dúinn. Tá an togra seo ag dul ar aghaidh i rith an ama agus is féidir bhuir ndánta a sheoladh chuig **caoimhin@culturlann.ie**

Cuirfear amach ar ardáin éagsúla na Cultúrlainne iad.

Building from our hugely successful poetry competition, we have sought poems from every corner that we can share on our social media platforms. We have been overwhelmed by the volume and quality of the material submitted - keep them coming! You can forward your poems to **caoimhin@culturlann.ie**

They will be shared across our social media platforms.



CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH



Bunrang | Beginner
Meánrang | Intermediate
Ardrang | Advanced

DIANCHÚRSA GAEILGE

27/08/20 – 29/08/20

11.00AM – 12.30

(2x 40 mins, 10 min sos/break)

Clárú/ Register: fionnuala@culturlann.ie

Dianchúrsa Gaeilge Irish Intensive Course

Mar chuid de Liú Lúnasa, tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh de thréimhse ghairid ama. Cúrsa spreagúil eolach a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat as do chumas Gaeilge. **Tá táille £10 ar an chúrsa.** Beidh na leibhéil seo a leanas ar fáil: **Bunrang – Meánrang – Rang Comhrá**

Cláraigh ar Eventbrite nó ma tá aon eolas uait, gabh i dteagmháil le Fionnuala ag fionnuala@Culturlann.ie

As part of Liú Lúnasa, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level. **There is a fee of £10 for the course.**

The levels we have are:

Complete Beginners – Beginners – Intermediate – Conversational Class

Register on Eventbrite or contact Fionnuala at fionnuala@culturlann.ie for information.

DÉARDAOIN 27Ú- SATHAIRN 29Ú LÚNASA
THURSDAY 27TH- SATURDAY 29TH
AUGUST 11.00AM- 12.30PM





Oscail an Doras

Cúrsa 4 seachtaine a chlúdaíonn gnéithe teanga agus cultúir na Gaeilge, a thugann tuiscint ar nathana cainte na Gaeilge sa chaint agus sa chomhphobal. Tá táille £10 ar an chúrsa. Cláraigh le Fionnuala ar fionnuala@culturlann.ie

Ábhair a phléifear:

- Logainmneacha
- Sloinnte
- Béarla na hÉireann
- Stair na Teanga
- Teangacha Ceilteacha
- An Ghaeilge sa lá atá inniu ann

4 week course covering aspects of the Irish language and culture, giving insight into the many ways Irish is represented in our speech and environment. There is a fee of £10 for the course.

Register with Fionnuala at fionnuala@culturlann.ie

Topics to be covered:

- Placenames
- Surnames
- Hiberno-English
- History of the Language
- Celtic languages
- Irish today

30Ú IÚIL - 20Ú LÚNASÁ
GACH DÉARDAOIN Ó 6.00PM - 7.30PM
30TH JULY - 20TH AUGUST
EVERY THURSDAY FROM 6.00PM - 7.30PM





Leideanna Foghlama Hints for Learning

Áis bhreise dóibh siúd atá ag foghlaim na Gaeilge, dírithe ar óg agus ar aosta. Tá an-ráchairt ar na postálacha laethúla seo, go háirithe i measc daoine a bhfuil páistí óga ar Ghaelscoileanna acu.

An additional resource for those of you learning Irish, both young and old. These posts have gained huge traction recently, especially among parents with children at Gaelscoileanna.

**DÉ MÁIRT AGUS DÉ LAOINE 10AM
TUESDAY AND FRIDAY AT 10AM**





Ceardlann Amhránaíochta Singing Workshop

Mar chuid d'Fhéile an Phobail, beidh muid ag réachtáil ceardlann ghalánta amhránaíochta mar chuid d'Fhéile an Phobail. Ceolfar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh an cheardlann seo saor in aisce. **Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le fionnuala@culturlann.ie**

We will have a beautiful singing workshop as part of Féile an Phobail. This workshop will focus primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award-winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There is no fee for this workshop. **You can register or get more info by contacting fionnuala@culturlann.ie**



DÉARDAOIN | THURSDAY
06/08/20 @ 6PM





NA MEÁIN SHÓISIALTA SOCIAL MEDIA

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil. Coinnigí i dteagmháil linn agus bígí cinnte bhur bhfiseáin agus bhur ngrianghraif féin a roinnt linn más rud é go mbíonn sibh ag cleachtadh d'Áirneál na nÓg sa bhaile, ag leanstan ceachtanna ealaíne Dhrithle nó fiú ag baint sult as na ceolchoirmeacha ar líne sa

bhaile! Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus sibh ag fanacht slán sábháilte sa bhaile i láthair na huaire.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained. Please keep in contact with us and send us your pictures and videos from home if you are practising with our music school, following Drithle's online art classes or even just relaxing and enjoying the concerts at home! We'd love to hear from you as you stay safe and sound at home.



Suíomh/website -
www.culturlann.ie



Cultúrlann
McAdam Ó



@anchulturlann



@AnChultúrlann



@Cultúrlann

CULTÚRLANN

M[€]ADAM Ó FIAICH



Comhairle Chathair
Bhéal Feirste

